Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9685/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0013(COD)**

**TELECOM 266**
**CYBER 250**
**COMPET 624**
**MI 527**
**FIN 741**
**ESPACE 85**
**CODEC 1000**
**IA 136**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le líonraí digiteacha, lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120, Treoir 2002/58/CE agus Cinneadh Uimh. 676/2002/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1971, Treoir (AE) 2018/1972 agus Cinneadh Uimh. 243/2012/AE (an Gníomh um Líonraí Digiteacha)<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 21 Eanáir 2026, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán maidir le líonraí digiteacha, lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120, Treoir 2002/58/CE agus Cinneadh Uimh. 676/2002/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1971, Treoir (AE) 2018/1972 agus Cinneadh Uimh. 243/2012/AE (an Gníomh um Líonraí Digiteacha)[1].

[1] 5600/26 +ADD1

2. Is é is aidhm don togra le haghaidh Gníomh um Líonraí Digiteacha, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, tacú le cuspóirí an Aontais maidir le claochlú digiteach agus nascacht tríd an gcreat rialála don chumarsáid leictreonach a shimpliú agus a chomhchuibhiú a thuilleadh trí bhíthin Rialachán aonair. Féachann sé le bonneagar líonra dhigitigh atá láidir, tapa, slán agus athléimneach a chothú, tacú le margadh inmheánach níos comhtháite don chumarsáid leictreonach, agus an cóineasú méadaitheach idir teicneolaíochtaí teileachumarsáide, satailíte, néalríomhaireachta agus imeall-teicneolaíochtaí a léiriú, agus croí-raon feidhme an chreata cumarsáide leictreonaí á choinneáil ag an am céanna. Cumhdaítear leis an togra, *inter alia*, córas an údaraithe ghinearálta agus an Pas Aonair atá beartaithe, speictream raidió agus acmhainní uimhrithe, aistriú snáithíní agus rialáil rochtana, athléimneacht agus ullmhacht, seirbhís uilíoch, rochtain oscailte ar an idirlíon, cearta úsáideoirí deiridh, rialachas, tuairisciú, comhlíonadh agus forálacha críochnaitheacha. Tá sé d'aidhm aige freisin infheistíocht in ardbhonneagair dhigiteacha a éascú, iomaíochas a threisiú, infhaighteacht agus glacadh líonraí gigighiotáin a chur chun cinn, agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí ardcháilíochta, inacmhainne agus ar fáil go poiblí a áirithiú d'úsáideoirí deiridh, agus leasanna na saoránach agus cosaint tomhaltóirí á gcur chun cinn ag an am céanna.

3. Tá an togra seo ar cheann de na spriocanna insoláthartha tosaíochta atá sa treoirphlean dar teideal 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin', a shínigh Uachtarán Phoblacht na Cipire, ina cáil mar Uachtaránacht rothlach ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus a shínigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ar imeall chruinniú neamhfhoirmiúil na gCeann Stáit nó Rialtais a tionóladh sa Chipir an 24 Aibreán 2026.

4. I bParlaimint na hEorpa, ainmníodh an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) mar an coiste atá freagrach as an gcaibidlíocht maidir leis an nGníomh um Líonraí Digiteacha, agus ainmníodh an Feisire Michał Kobosko (Renew, an Pholainn) mar Rapóirtéir. Coistí comhlachaithe iad an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) agus an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE).

5. Measfar go nglacfaidh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún a dtuairimí an 17 Meitheamh 2026 agus an 13 Deireadh Fómhair 2026 faoi seach.

6. An 18 Márta 2026, d'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) tuairim maidir leis an togra[2].

## II. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

7. Sa Chomhairle, is sa Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise a rinneadh an scrúdú ar an togra le haghaidh Gníomh um Líonraí Digiteacha. An 29 Eanáir agus i gcaitheamh mhí Feabhra 2026 (3, 5 agus 26 Feabhra), chuir an Coimisiún príomhghnéithe an togra i láthair, mar aon le torthaí an athbhreithnithe a rinne sé ar an gcreat atá ann faoi láthair, ar an measúnú tionchair agus ar an tuarascáil mheastóireachta. Cumhdaíodh sna cuir i láthair, go háirithe, an t-aistriú chuig an snáithín, cáilíocht na líonraí gan sreang, seirbhísí satailíte uile-Eorpacha, córas an údaraithe ghinearálta agus an Pas Aonair atá beartaithe, oibleagáidí tuairiscithe, speictream raidió agus acmhainní uimhrithe, bearta athléimneachta agus ullmhachta, agus an struchtúr rialachais nuashonraithe, lena n-áirítear róil BEREC, an Chomhlachta um Beartas Speictrim Raidió agus na hOifige do Líonraí Digiteacha. Thacaigh na toscaireachtaí, tríd is tríd, le cuspóirí foriomlána an togra agus ba dhíol sásaimh dóibh gur caomhnaíodh príomhghnéithe an chreata atá ann faoi láthair, amhail prionsabail an idirlín oscailte, agus béim á leagan acu san am céanna ar an ngá atá le measúnú cúramach a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir tuilleadh comhchuibhithe agus sainiúlachtaí náisiúnta, chomh maith le héifeachtaí praiticiúla an togra ar údaráis, ar oibreoirí agus ar úsáideoirí deiridh. D'iarr na toscaireachtaí soiléiriú breise freisin maidir le comhréireacht na mbeart atá beartaithe, inniúlachtaí na mBallstát, na costais cur chun feidhme, ról na reachtaíochta tánaistí, an idirghníomhaíocht le hionstraimí an Aontais atá ann cheana, agus an rannchuidiú a mheastar a dhéanfaidh bearta áirithe le hiomaíochas an Aontais, go háirithe i gcás inar mheas siad go bhféadfadh na bearta sin teorainn a chur leis an tsolúbthacht náisiúnta.

---

[2] Tuairim 08/2026 ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí 08/2026

8. I bhfianaise mhéid agus chastacht an Rialacháin atá beartaithe, agus ós rud é nach raibh aistriúcháin go 24 theanga oifigiúla an Aontais ar fáil go dtí an 17 Aibreán, thug Uachtaránacht na Cipire freagra dearfach ar an iarratas ó na Ballstáit go dtionólfaí ceardlanna teicniúla tiomnaithe. Chomh maith leis an bplé a rinneadh sa Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise, reáchtáladh ceithre cheardlann ar líne i mí an Mhárta (4, 11, 18 agus 25) maidir le múchadh agus rochtain chopair, údarú speictrim agus satailíte, údarú ginearálta, an Pas Aonair agus uimhriú, agus rialachas. Leis na ceardlanna sin, bhí na toscaireachtaí, lena n-áirítear saineolaithe a bhí bunaithe sna hardchathracha, in ann ceisteanna sonracha a tharraingt anuas agus tuilleadh soiléirithe a lorg go díreach ón gCoimisiún.

9. Cuireadh tús leis an scrúdú airteagal ar airteagal an 5 Márta 2026, nuair a rinne an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise scrúdú ar Chuid I, a bhaineann le raon feidhme, cuspóirí agus sainmhínithe, i dteannta Chuid II, a bhaineann leis an athléimneacht. D'aithin na toscaireachtaí i gcoitinne a ábhartha atá sé athléimneacht agus ullmhacht líonraí agus seirbhísí digiteacha a neartú, agus d'iarr siad soiléiriú san am céanna maidir le raon feidhme na n-oibleagáidí, láimhseáil faisnéise rúnda nó íogaire, an caidreamh le NIS2, Treoir CER agus creataí ábhartha eile, ról an Choimisiúin, BEREC, an Chomhlachta um Beartas Speictrim Raidió, na hOifige um Líonraí Digiteacha agus na n-údarás náisiúnta, faoi seach, agus an gá freagrachtaí na mBallstát a urramú i réimsí amhail an tslándáil náisiúnta, cosaint agus bainistiú géarchéime.

10. An 12 Márta 2026, rinne an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise, scrúdú ar Chuid VI den Ghníomh um Líonraí Digiteacha, agus iad ag díriú ar Theideal I, a bhaineann le hoibleagáidí seirbhíse uilíche, agus ar Theideal II, a bhaineann le rochtain oscailte ar an idirlíon. D'aontaigh na toscaireachtaí, tríd agus tríd, gur cheart líontán sábhála na seirbhíse uilíche a choinneáil mar atá faoi láthair, agus san am céanna tharraing siad anuas ceisteanna maidir leis an spleáchas atá beartaithe ar ghníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún le haghaidh modheolaíochtaí inacmhainneachta agus rialacha maidir leis an idirlíon oscailte, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an tsolúbthacht náisiúnta. Maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí gur caomhnaíodh croíphrionsabail na neodrachta gréasáin.

11. An 26 Márta, an 16 Aibreán agus an 23 Aibreán 2026, rinne an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise scrúdú ar Chuid VI, Teideal III, den Ghníomh um Líonraí Digiteacha, agus í ag díriú ar chearta na n-úsáideoirí deiridh. Leag na toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí atá sé ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú ar fud an Aontais. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí go raibh sé d'uaillmhian ag an gCoimisiún an creat a shimpliú, agus san am céanna bhí ceisteanna acu agus d'iarr siad soiléiriú maidir leis an gcaoi is fearr leis an gcomhchuibhiú uasta atá beartaithe a chothromú leis an tsolúbthacht atá ag teastáil chun coimircí náisiúnta cruthaithe ardcháilíochta a chaomhnú.

12. An 7 Bealtaine 2026, phléigh an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise Cuid VIII, a bhaineann le forálacha ginearálta agus críochnaitheacha. Ba dhíol sásaimh do roinnt toscaireachtaí cuspóir an tsimplithe, ach más ea, cheistigh siad freisin spleáchas an togra ar ghníomhartha cur chun feidhme agus ar threoirlínte BEREC, agus thug siad dá n-aire go bhféadfadh sé sin difear a dhéanamh d'intuarthacht dhlíthiúil agus baol creataí rialála comhthreomhara a chruthú. Cheistigh roinnt toscaireachtaí freisin breisluach an tsásra idir-réitigh dheonaigh nua atá beartaithe le haghaidh comhar éiceachórais, agus chuir toscaireachtaí eile in iúl gur dhíol imní go praiticiúil an forluí a d'fhéadfadh a bheith ann leis na hoibleagáidí náisiúnta bailithe sonraí atá ann cheana.

13. An 21 Bealtaine 2026, rinne an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise scrúdú ar Chuid III a bhaineann le húdarú ginearálta agus an Pas Aonair atá beartaithe, agus ar Chuid IV, Teideal III, a bhaineann le hacmhainní uimhrithe. D'aithin na toscaireachtaí i gcoitinne an cuspóir oibríochtaí trasteorann a shimpliú agus ualaí riaracháin a laghdú, agus tharraing siad anuas ceisteanna ag an am céanna maidir le dearadh agus oibriú praiticiúil chóras an Phas Aonair atá beartaithe. Is é an t-ábhar imní is mó a bhí ann go raibh baol go mbeadh castacht bhreise riaracháin i gceist, go raibh éiginnteacht dhlíthiúil ann, go bhféadfadh siopadóireacht dlínse rialála a bheith i gceist, agus leithdháileadh na bhfreagrachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin idir na Ballstáit. Maidir le hacmhainní uimhrithe, phléigh na toscaireachtaí na gnéithe atá beartaithe ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear pleanáil straitéiseach, plean uimhrithe féideartha de chuid an Aontais agus acmhainní uimhrithe uile-Eorpacha. Cheistigh roinnt toscaireachtaí breisluach na ngnéithe sin, agus leag siad béim ar a thábhachtaí atá sé lárú nach bhfuil gá leis a sheachaint agus cothromaíocht na n-inniúlachtaí náisiúnta atá ann cheana a chaomhnú.

14. Le linn an phlé, d'aithin na toscaireachtaí a thábhachtaí atá nascacht shlán, athléimneach agus ardacmhainneachta d'iomaíochas agus do chlaochlú digiteach an Aontais. An 27 Aibreán 2026, ach a raibh fáil ar na haistriúcháin oifigiúla go teangacha uile an Aontais, d'iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí, fad a bhí sí ag leanúint den scrúdú ar an téacs, barúlacha tosaigh i scríbhinn agus moltaí maidir le dréachtú a chur ar fáil i ndáil leis na codanna den togra a raibh scrúdú déanta cheana féin orthu ag an Meitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise.

15. Chaith Uachtaránacht na Cipire go leor ama ar an scrúdú airteagal ar airteagal, agus le rannpháirtíocht an Choimisiúin agus rannpháirtíocht ghníomhach na dtoscaireachtaí, bhíothas in ann an chéad anailís shubstainteach a dhéanamh ar na príomhchodanna den téacs agus na príomh-shaincheisteanna a shainaithint ar gá tuilleadh oibre a dhéanamh orthu. Leanfaidh an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise dá cuid oibre ar an togra ag féachaint leis an gcéad léamh ar an téacs iomlán a thabhairt chun críche.

## III. CONCLÚID

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle an dul chun cinn a rinneadh sa scrúdú ar an togra a thabhairt dá haire.